C/2024/4885

1.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11510 — ACS / TK / YORIZON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4885)

1. An 24 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— HOCHTIEF GC Beteiligungsgesellschaft mbH ('HT', an Ghearmáin), atá faoi rialú Actividades Construcción y Servicios, S.A. ('ACS', an Spáinn),

— Thomas-Krenn.AG ('TK', an Ghearmáin), atá faoi rialú an Dr Helmut Vorndran,

— Cuideachta chomhfhiontair nuachruthaithe arb iad atá inti Thomas-Krenn Project GmbH & Co.KG agus Thomas-Krenn Project Management GmbH (le chéile, 'YORIZON', an Ghearmáin).

Gheobhaidh HT agus TK comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar YORIZON.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá HT á rialú ag Grúpa ACS, a dhéanann an tionscadal a fhorbairt agus mórthionscadail phoiblí a struchtúrú, a dhéanann infheistíochtaí fiachais agus cothromais i dtionscadail a mhaoinítear go príobháideach, agus a dhéanann gníomhaíochtaí tógála agus innealtóireachta sibhialta a bhainistiú agus a chur chun feidhme (go háirithe i dtaca le bonneagar iompair),

— TK: Ríomhairí, forimeallaigh ríomhaireachta agus gabhálais ríomhaireachta a chóimeáil agus a dhíol, chomh maith le feidhmíocht na seirbhísí gaolmhara uile, a mhéid nach bhfuil ceadúnas rialtais ag teastáil ina leith.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas YORIZON:

— Is é an cuspóir tráchtála a bheidh ag YORIZON lárionaid ríomhaireachta a oibriú agus néalseirbhísí ábhartha a sholáthar agus a dhíol do ghnóthais eile.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le láimhseáil shimplithe comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11510 — ACS / TK / YORIZON

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË